# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta

### Nascmhodúil

### Scrúdú 2004

### DÉ CÉADAOIN, 5 BEALTAINE, 2004: 10.00 A.M. – 12.30 P.M.

**TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ**

| Uimhir Scrúdaithe |
|---|
| |

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa Leabhar Freagraí seo.

Tá **tri** roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.
Ni mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú fístéip ar an téama “Fostaíocht”.
- Feicfidh tú an fhístéip trí huaire.
  - Feicfidh tú ó thosach deireadh é den chéad uair.
  - Taispeánfar ansin é i dtrí chuid. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint, tabharfar am duit do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den leabhar freagraí.
  - Feicfidh tú an fhístéip iomlán ó thosach deireadh arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Cuid 1**

**C.1** Cad a bhíonn ar siúl ag Bogearraí Mac Eochain?

**2 marc**

**C.2** Mínigh conas mar a earcáionn Bogearraí Mac Eochain a chuid fostaithe.

**2 marc**

**C.3** Cad iad na cáiliochtaí nach foláir a bheith ag na fostaithe?

**2 marc**

**Cuid 2**

**C.4** Cad a bhíonn a dhéanamh ag Rónán agus é ag obair?

**4 marc**

**C.5** Cá mbeidh sé, dar leis féin, cúig bliana ó inniu agus cén fáth?

**4 marc**

**C.6** Déanann Rónán idirdhealú idir jab agus slí bheatha. Conas a léiríonn sé é seo?

**4 marc**

**Cuid 3**

**C.7** Mínigh conas is féidir le cuideachta a dhiúltaíonn do cheardchumann, a bheith cairdiúil leis na fostaithe.

**6 marc**

**C.8** Déan cur síos ar ról Eamoinn sa chuideachta agus ar cé mar atá seo le feiceáil sa chuideachta seo.

**6 marc**

# Cluichí Speisialta na hEorpa 2004

Tá iarrtha ag an Aontas Eorpach ar Éirinn, agus Éire i mbun uachtaránacht an AE, Cluichí Speisialta na hEorpa a thionól i mí na Bealtaine 2004. Glacfaidh foirne ó na ballstáit atá ann cheana féin agus foirne ó na ballstáit nua, páirt sna cluichí seo. Tabharfaidh na cluichí deis dóibh siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta acu páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla spóirt.

Tionólfar na Cluichí le linn an dara seachtain i mí na Bealtaine. Bainfidh na foirne an tír amach an chéad tseachtain i mí na Bealtaine agus fanfaidh siad i mbailte agus i gcathracha ar fud na hÉireann an chéad tseachtain dá gcuairt. Tabharfaidh sé seo deis do na foirne socrú isteach in Éirinn, bualadh le muintir na hÉireann agus ullmhú do na comórtais. Beidh na bailte aíochta ag eagrú imeachtaí chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, tuiscint a thabhairt dóibh ar ár gcultúr agus cuirfear áiseanna traenála ar fáil dóibh chun ullmhú do na cluichí.

Tionólfar Cluichí Speisialta na hEorpa i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird. Úsáidfear deich n-ionad éagsúla chun áiseanna a chur ar fáil do na spóirt éagsúla. Tiocfaidh na hiomaitheoirí, na hoiliúnóirí agus a lucht cúnta go Baile Átha Cliath ar feadh seachtain na gcluichí agus fánfaidh siad in óstáin agus sna hollscoileanna ar fud na cathrach. Cuirfear cóir iompair ar fáil gach lá chun na foirne a thabhairt go dtí na himeachtaí.

Tá Cluichí Speisialta na hEorpa á n-eagrú ag an gcoiste eagrúcháin le trí bliana. Thosaigh siad amach trí roinnt daoine a chur ag obair i réimsí éagsúla, mar atá: urraíocht, margaíocht, lóistín, lónadóireacht, leigheas, iompar agus imeachtaí na gcomórtas féin. Tá baill ar an gcoiste a bhfuil freagracht orthu as gach réimse. Tá meitheal daoine ansin ag na baill seo chun cuidiú leis an obair. De réir mar a dhruidimid le tráth na gcluichí beidh breis daoine ag obair chun a dheimhniú go mbeidh gach rud curtha i gcrích.

Teastóidh na mílte oibrithe deonacha chun cuidiú le linn an dá sheachtain a mbeidh na hiomaitheoirí in Éirinn. Beidh an lucht cúnta seo ag teastáil chun cuidiú leis na foirne ón am a thiocfaidh siad go dtí an t-aerfort go dtí an t-am a fhágfaidh siad. Beidh roinnt den lucht cúnta ag teastáil sna bailte agus sna cathracha aíochta, agus beidh a thuilleadh díobh ag teastáil le linn seachtain na gCluichí féin chun cuidiú ag na hionaid lóistín agus ag na hionaid chomórtas. Beidh oibrithe deonacha a bhfuil scileanna éagsúla acu, ar nós saineolas teanga nó leighis, ag teastáil. Cuirfear oiliúint ar fáil do na hoibrithe deonacha ar fad i gcaitheamh na míosa roimh na Cluichí agus ní mór do na hoibrithe deonacha promhadh a fháil ón nGarda Síochána sula n-eiseofar pas slándála agus éide dóibh. Tabharfar dualgais shainiúla d'oibrithe deonacha agus is féidir leo féin a shocrú cé mhéid laethanta a oibreoidh siad ag brath ar an am saor acu féin.

Craolfaidh na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta an ócáid. Tionólfar an oscailt oifigiúil agus na searmanais dheiridh i mBaile Átha Cliath. Is cosúil go bhfreastalóidh na hiomaitheoirí ar fad ar na hócáidí seo.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**C.1** Luaigh **trí** shochar d' Éirinn a dhéanfaidh tionól Chluichí Speisialta na hEorpa sa tír seo.

**6 marc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.2** Ar fheachtas náisiúnta fógraíochta, lorgaíodh oibrithe deonacha a raibh spéis acu cuidiú le linn dhá sheachtain na gcluichí.

(i) Déan cur síos go mion ar **cheithre** chúis a smaoineofá ar chúnamh a thabhairt.

**NÓ**

(ii) Déan cur síos go mion ar **cheithre** chúis nach smaoineofá ar chúnamh a thabhairt.

**12 marc**

**C.3** Tá obair mhór ag baint leis na cluichí seo a eagrú agus tá baint ag mórán daoine éagsúla leis.

(i) Déan plean ama cuí amach a bheadh úsáidte ag an lucht eagrúcháin agus iad ag pleanáil na gcluichí.

(ii) Luaigh **trí** réimse thábhachtacha nach mór a chur san áireamh sa phlean **náisiúnta** do na cluichí.

**12 marc**

## ACHOIMRE AGUS CLÁR NA gCEISTEANNA

Tá *6 cheist* ar fiche cúig mharc an ceann sa roinn seo agus ba chóir duit ceithre cinn ar bith a ghreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú le fregairt, agus iad a aimsiú, is é seo a leanas téacs na sé cheist ar fad agus an uimhir leathanaigh don fhreagra ar gach ceann díobh.

**C.1 Tá sé tábhachtach an rogha ghairme a dhéanamh is fearr a bheidh oiriúnach do d'éirim agus do d'ábaltacht.** **Lcha. 12,13**

(a) Ainmnigh gairm atá fiosraithe agat.
(b) Liostaigh **3** cháilíocht phearsanta atá agat a dhéanann gairm oiriúnach duitse di.
(c) Luaigh an **2** ábhar Ardteistiméireachta is mó a bhfuil baint acu leis an ngairm seo, dar leat. Mínigh an cén fáth a bhfuil baint ag **gach** ábhar díobh leis an ngairm.
(d) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearna tú an ghairm atá luaite a fhiosrú.

**C.2 Bíonn ról tábhachtach ag eagraíochtaí deonacha/fiontair pobail sna háiteanna ina mbíonn siad ag obair.** **Lcha. 14,15,16**

(a) Ainmnigh **dhá** eagraíocht dheonacha/fhiontar pobail atá ag obair i do cheantar féin.
(b) Rianaigh an obair a bhíonn ar siúl ag eagraíocht **amháin** atá luaite, agus luaigh cé bhaineann leas as obair na heagraíochta seo.
(c) Scríobh litir ag iarraidh ar chainteoir as eagraíocht amháin díobh teacht ar cuairt go dtí do rang. Luaigh cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh go dtiocfadh sé/sí.
(d) Luaigh **dhá** bhealach a ndéanfá luacháil ar an gcuairt seo, agus luaigh cén fáth ar roghnaigh tú **gach** ceann díobh.

**C.3 Tá Fiontar Gnó an-tábhachtach do cheantar ar bith. Smaoinigh ar fhiontar gnó a bhfuil cur amach agat air.** **Lcha. 17,18,19**

(a) Luaigh cén cineál gnó atá i gceist (cad a bhíonn ar bun ag an gnó). Luaigh trí thréith fiontraíochta atá ag an úinéir/bainisteoir.
(b) Déan cur síos ar an staidéar/oiliúint a fuair an t-úinéir/bainsteoir don phost seo.
(c) Déan anailís SWOT don ghnó seo.
(d) Rianaigh **trí** leas don cheantar a dhéanann an fiontar gnó seo a bheith ann.

**C.4 Tá na scileanna sainiúla do phost leagtha amach anseo.** **Lcha. 20,21,22**

(a) Luaigh **dhá** chúis a gceapann tú go bhfuil scileanna maithe Teicneolaíochta an Eolais tábhachtach don phost atá fógraithe.
(b) Déan cur síos ar **thrí** bhealach a dtaispeánfá do Tairgí Mhic Gabhann go bhfuil scileanna maithe cumarsáide agat.
(c) Déan cur síos ar thrí bhealach a réiteofá don agallamh don phost seo agus luaigh **cén fáth** i ngach cás.
(d) Mínigh **dhá** cheart atá ag oibrithe nó dhá rud a bhfuil oibrithe ina dteideal.

**C.5 Gné thábhachtach de Chlár Ghairmiúil na hArdteistimeireachta is ea taithí oibre (oibrí a leanúint go dlúth sa cathair oibre).** **Lcha. 23,24,25**

(a) Cad iad na buntáistí a bhaineann leis seo?
(b) Déan cur síos ar **thrí** bhealach ar féidir an taithí oibre a luacháil.
(c) Mínigh **trí** chomaoin atá ar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair (1993).
(d) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir leis an taithí oibre cuidiú leat ar scoil agus ina diaidh sin.

**C.6 Tá iarrtha ag an gcumann pobail áitiúil i do cheantar ar do rang cuidiú leo. Teastaíonn uathu feabhas a chur ar na háiseanna do dhaoine óga, agus tá iarrtha acu ort taighde a dhéánamh dóibh i do scoil.** **Lcha. 26,27,28**

(a) Cén fáth a bhfuil taighde tábhachtach?
(b) Cuir le chéile an ceistneoir a d'úsáidfeá chun an taighde a dhéanamh i do scoil.
(c) Cad a chaithfeá a chur san áireamh/pleanáil dó chun a dheimhniú go mbeadh an suirbhé déanta i gceart?
(d) Cad iad na réimsí a chaithfí a scrúdú agus an próiseas á luacháil?

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Tá sé tábhachtach an rogha ghairme a dhéanamh is fearr a bheidh oiriúnach do d'éirim agus do d'ábaltacht.**

(a) Ainmnigh gairm atá fiosraithe agat.

Gairm: ______________________________

**1 marc**

(b) Liostaigh **3** cháilíocht phearsanta atá agat a dhéanann gairm oiriúnach duitse di.

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

**3.** ______________________________

**6 marc**

(c) Luaigh an **2** ábhar Ardteistiméireachta is mó a bhfuil baint acu leis an ngairm seo, dar leat. Mínigh an cén fáth a bhfuil baint ag **gach** ábhar díobh leis an ngairm.

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

**8 marc**

(d) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearna tú an ghairm atá luaite a fhiosrú.

**10 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.2 Bíonn ról tábhachtach ag eagraíochtaí deonacha/fiontair pobail sna háiteanna ina mbíonn siad ag obair.**

(a) Ainmnigh **dhá** eagraíocht dheonacha/fhiontar pobail atá ag obair i do cheantar féin.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| **2 marc** |

(b) Rianaigh an obair a bhíonn ar siúl ag eagraíocht **amháin** atá luaite, agus luaigh cé bhaineann leas as obair na heagraíochta seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **6 marc** |

(c) Scríobh litir ag iarraidh ar chainteoir as eagraíocht amháin díobh teacht ar cuairt go dtí do rang. Luaigh cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh go dtiocfadh sé/sí.

**11 marc**

(d) Luaigh **dhá** bhealach a ndéanfá luacháil ar an gcuairt seo, agus luaigh cén fáth ar roghnaigh tú **gach** ceann díobh.

**6 marc**

**C.3 Tá Fiontar Gnó an-tábhachtach do cheantar ar bith. Smaoinigh ar fhiontar gnó a bhfuil cur amach agat air.**

(a) Luaigh cén cineál gnó atá i gceist (cad a bhíonn ar bun ag an gnó). Luaigh trí thréith fiontraíochta atá ag an úinéir/bainisteoir.

| |
|---|
| **Saigheas Gnó:** |
| |
| **Tréithe:** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **7 marc** |

(b) Déan cur síos ar an staidéar/oiliúint a fuair an t-úinéir/bainsteoir don phost seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 marc** |

(c) Déan anailís SWOT don ghnó seo.

**8 marc**

(d) Rianaigh **trí** leas don cheantar a dhéanann an fiontar gnó seo a bheith ann.

**6 marc**

**C.4 Tá na scileanna sainiúla do phost leagtha amach anseo.**

An bhfuil fiontraíocht ag baint leatsa, an bhfuil suim agat i ndaoine, an bhfuil scileanna maithe cumarsáide agus teicneolaíochta an eolais agat?
Tá an post duitse ag **Táirgí Mhic Gabhann,** ag obair mar chuid den fhoireann atá ag tabhairt isteach raon nua earraí leictreonacha ar mhargadh na hÉireann.
Togha deiseanna tuarastail ar fáil don duine ceart.
Tuilleadh eolais ó: Táirgí Mhic Gabhann, Páirc Ghnó Shligigh, Bóthar Bhaile na Mara, Sligeach.
Teileafón: **077 123456** *ríomhphost*: táirgímhicgabhann@irl.ie

(a) Luaigh **dhá** chúis a gceapann tú go bhfuil scileanna maithe Teicneolaíochta an Eolais tábhachtach don phost atá fógraithe.

**4 marc**

(b) Déan cur síos ar **thrí** bhealach a dtaispeánfá do Tháirgí Mhic Gabhann go bhfuil scileanna maithe cumarsáide agat.

**6 marc**

(c) Déan cur síos ar **thrí** bhealach a réiteofá don agallamh don phost seo agus luaigh **cén fáth** i ngach cás.

**9 marc**

(d) Mínigh **dhá** cheart atá ag oibrithe nó dhá rud a bhfuil oibrithe ina dteideal.

**6 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.5 Gné thábhachtach de Chlár Ghairmiúil na hArdteistiméireachta is ea taithí oibre (oibrí a leanúint go dlúth sa láthair oibre).**

(a) Cad iad na buntáistí a bhaineann leis seo?

**4 marc**

(b) Déan cur síos ar **thrí** bhealach ar féidir an taithí oibre a luacháil.

**6 marc**

(c) Mínigh **trí** chomaoin atá ar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair (1993).

**9 marc**

(d) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir leis an taithí oibre cuidiú leat ar scoil agus ina diaidh sin.

**6 marc**

**C.6 Tá iarrtha ag an gcumann pobail áitiúil i do cheantar ar do rang cuidiú leo. Teastaíonn uathu feabhas a chur ar na háiseanna do dhaoine óga, agus tá iarrtha acu ort taighde a dhéanamh dóibh i do scoil.**

(a) Cén fáth a bhfuil taighde tábhachtach?

**3 marc**

(b) Cuir le chéile an ceistneoir a d'úsáidfeá chun an taighde a dhéanamh i do scoil.

**12 marc**

(c) Cad a chaithfeá a chur san áireamh/pleanáil dó chun a dheimhniú go mbeadh an suirbhé déanta i gceart?

**6 marc**

(d) Cad iad na réimsí a chaithfí a scrúdú agus an próiseas á luacháil?

**4 marc**

**Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.**

**Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.**

Leathanach Bán